**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**A9-0244/2022**

13.10.2022

# TUARASCÁIL

ar ríomhspóirt agus físchluichí
(2022/2027(INI))

An Coiste um Chultúr agus um Oideachas

Rapóirtéir: Laurence Farreng

PR_INI

## CLÁR

**Leathanach**


TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA ....................................3

RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN ...................................................................................................15

FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH.....................................18

VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH........19

## TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA

**ar ríomhspóirt agus físchluichí**
**(2022/2027(INI))**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint d’Airteagal 6 agus d’Airteagal 165 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ina sonraítear inniúlachtaí agus gníomhaíochtaí an Aontais i réimse an spóirt,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Eoraip na Cruthaitheachta (2021 go 2027) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 1295/2013[1], agus go háirithe a shnáithe meán,

– ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Erasmus+: Clár an Aontais um oideachas, um oiliúint, um an óige agus um spórt agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh.1288/20132[2], agus go háirithe caibidil an spóirt de,

– ag féachaint do Threoir (AE) 2018/1808 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Treoir 2010/13/AE maidir le comhordú forálacha áirithe a leagtar síos le dlí, le rialachán nó le gníomhaíocht riaracháin sna Ballstáit agus a bhaineann le seirbhísí meán closamhairc a sholáthar (Treoir Sheirbhísí na Meán Closamhairc) i bhfianaise athruithe ar an margadh[3],

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2020 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (COM(2020)0825),

– ag féachaint do thogra ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2020 le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le margaí inchoimhlinte agus cothroma san earnáil dhigiteach (an Gníomh um Margaí Digiteacha) (COM(2020)0842),

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2020 dar teideal *Europe’s Media in the Digital Decade: An Action Plan to Support Recovery and Transformation* [Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú le Téarnamh agus Claochlú] (COM(2020)0784),

– ag féachaint do rún uaithi an 17 Meán Fómhair 2020 maidir le tearnamh cultúrtha na hEorpa[4],

[1] IO L 189, 28.5.2021, lch. 34.
[2] IO L 189, 28.5.2021, lch. 1.
[3] IO L 303, 28.11.2018, lch. 69.
[4] IO C 385, 22.9.2021, lch. 152.

– ag féachaint do rún uaithi an 25 Márta 2021 maidir le beartas oideachais dhigitigh a mhúnlú[5],

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 dar teideal 'Meáin na hEorpa sa Deacáid Dhigiteach: Plean Gníomhaíochta chun Tacú leis an Téarnamh agus leis an gClaochlú'[6],

– ag féachaint do rún uaithi an 23 Samhain 2021 dar teideal ' Beartas spóirt AE: measúnú agus bealaí chun cinn a dfhéadfadh a bheith ann'[7], agus go háirithe a hiarraidh ar institiúidí an Aontais tús a chur le díospóireacht faoin todhchaí agus faoi na deiseanna a bhaineann le ríomhspóirt agus sonraí a bhailiú chun measúnú a dhéanamh ar an earnáil sin agus staidéar a chur i láthair maidir lena tionchar sóisialta agus eacnamaíoch,

– ag féachaint don rún ón gComhairle an 1 Márta 2002 maidir le tomhaltóirí a chosaint, go háirithe daoine óga, trí fhíschluichí áirithe agus cluichí ríomhaireachta áirithe a lipéadú de réir aoisghrúpa[8],

– ag féachaint do na Conclúidí ón gComhairle an 4 Aibreán 2022 maidir le Straitéis Eorpach a thógáil d'Éiceachóras Thionscoil an Chultúir agus na Cruthaitheachta[9],

– ag féachaint do Mholadh ón gCoimisiún an 27 Deireadh Fómhair 2011 maidir le digitiú agus inrochtaineacht ar líne na n-ábhar cultúrtha agus maidir leis an gcaomhnú digiteach[10],

– ag féachaint do theachtaireacht ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2022 dar teideal *A Digital Decade for children and youth: the new European strategy for a better internet for kids (BIK+)* [Cumhachtú digiteach (An chaoi le leanaí a chumhachtú ar bhealach níos fearr maidir le roghanna fónta a dhéanamh ar líne) (BIK+)] (COM(2020)0066),

– ag féachaint do rún uaithi an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le staid na n-ealaíontóirí agus an téarnamh cultúrtha san Aontas[11],

– ag féachaint do chinneadh na hEagraíochta Domhanda Sláinte i dtaobh neamhord cluichíochta a áireamh san 11ú athbhreithniú ar an Aicmiú Idirnáisiúnta Galar (ICD-11),

– ag féachaint do chinneadh ó Choiste Idirnáisiúnta na gCluichí Oilimpeacha i dtaobh Sraith Fhíorúil Oilimpeach (OVS) a sheoladh,

– ag féachaint do chonclúidí ón gComhairle an 21 Bealtaine 2014 maidir leis an oidhreacht chultúrtha mar acmhainn straitéiseach don Eoraip inbhuanaithe[12],

– ag féachaint dá staidéar dar teideal 'Ríomhspóirt'[13],

---

[5] IO C 494, 8.12.2021, lch. 2.
[6] IO C 184, 5.5.2022, lch. 71.
[7] IO C 224, 8.6.2022, lch. 2.
[8] IO C 65, 14.3.2002, lch. 2.
[9] IO C 160, 13.4.2022, lch. 13.
[10] IO L 283, 29.10.2011, lch. 39.
[11] IO C 184, 5.5.2022, lch. 88.
[12] IO C 183, 14.6.2014, lch. 36.
[13] Scholz, T. M. agus Nothelfer, N. (2022), Taighde do Choiste CULT – *Ríomhspóirt*, Parlaimint na hEorpa, an

– ag féachaint do Riail 54 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas (A9-0244/2022),

A. de bhrí go bhfuil éiceachóras na bhfíschluichí anois ina phríomhthionscal cultúrtha agus cruthaitheach (CCI) ar fud an domhain, le margadh Eorpach arna mheas ar luach EUR 23.3 billiún in 2021[14], lena n-áirítear breis agus 4 900 stiúideo cluichíochta agus 200 foilsitheoir cluichíochta[15], agus de bhrí go bhfuil acmhainneacht mhór ó thaobh fáis, nualaíochta, agus cruthaitheachta de aige agus ó thaobh athrú chun feabhais de a spreagadh; de bhrí go bhfuil an tionscal seo ar cheann de bheagán CCI a chonaic méadú ar láimhdeachas le linn ghéarchéim COVID-19[16];

B. de bhrí gur dlúthchuid de CCInna é éiceachóras na bhfíschluichí, agus go n-éiríonn leis a inspioráid a thabhairt do go leor tionscail chruthaitheacha agus chultúrtha eile agus leas a bhaint astu, amhail scannáin agus leabhair;

C. de bhrí gur léiríodh gur meán cumhachtach trasearnála iad físchluichí, lena ndéantar forbairt ar theicnící ealaíne éagsúla agus iad a chónascadh le teicneolaíochtaí nuálacha ag an am céanna;

D. de bhrí gur aithin Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh gur saothair chasta chruthaitheacha iad físchluichí a bhfuil luach uathúil agus cruthaitheach ag baint leo, a chosnaítear le Treoir 2009/24/CE maidir le cosaint dlí ríomhchlár agus Treoir 2001/29/CE maidir le cóipcheart;

E. de bhrí go léirítear leis an rath atá ar dhaoine ón Eoraip a bhíonn i mbun físchluichíochta ar líne agus an rath atá ar chlubanna agus comórtais ríomhspóirt Eorpacha go bhfuil glúnta de shaoránaigh na hEorpa atá níos óige ag féachaint go gníomhach le bheith rannpháirteach sa gheilleagar cruthaitheora nua atá faoi thionchar na bhfíschluichí; de bhrí go bhféadfaí a mheas go gcothaíonn comórtais ríomhspóirt náisiúnta, réigiúnacha agus dhomhanda malartuithe cultúrtha agus go gcuireann siad cultúr agus luachanna na hEorpa chun cinn;

F. de bhrí gur fostaíodh thart ar 98 000 duine i dtionscal na bhfíschluichí san Eoraip in 2020[17], agus go meastar nach raibh ach 20 % díobh sin ar mná iad[18]; de bhrí gur ann go láidir d’éagothroime inscne i ríomhspóirt; de bhrí gur cheart go n-áireofaí mar thosaíocht straitéiseach níos mó ban a bheith rannpháirteach i bhfíschluichí agus ríomhspóirt;

G. de bhrí go measann leath de mhuintir uile na hEorpa gur imreoirí físchluichí iad, ar mná iad beagnach a leath díobh, agus gur 31.3 bliain d’aois ar an meán atá imreoir

---

Roinn Beartais um na Beartais Struchtúracha agus Chomhtháthaithe, an Bhruiséil.

[14] ISFE, Tionscal Físchluichí na hEorpa, ISFE-EGDF Príomhfhíricí, 2021.

[15] EY, *Rebuilding Europe: the cultural and creative economy before and after the COVID-19 crisis* [An Eoraip a atógáil: Geilleagar an chultúir agus na cruthaitheachta roimh ghéarchéim COVID-19 agus ina diaidh], Eanáir 2021.

[16] EY, *Rebuilding Europe: the cultural and creative economy before and after the COVID-19 crisis* [An Eoraip a atógáil: Geilleagar an chultúir agus na cruthaitheachta roimh ghéarchéim COVID-19 agus ina diaidh], Eanáir 2021.

[17] ISFE, Tionscal Físchluichí na hEorpa, ISFE-EGDF Príomhfhíricí, 2021.

[18] Ibid.

físchluichí san Eoraip; de bhrí go n-imríonn os cionn 70 % de dhaoine óga san Aontas atá idir 6-24 bliana d'aois físchluichí, cé go bhfuil formhór na n-imreoirí os cionn 18 mbliana d'aois[19];

H. de bhrí go dtugann tionscal na bhfíschluichí réimse leathan scileanna agus saineolais le chéile ó thaobh scríbhneoireachta, dearaidh, cruthú ealaíonta, forbairt dhigiteach, foilsitheoireachta, dáilte agus logánú de; de bhrí, thar aon ní eile, gur saothar maoine intleachtúla (IP) ar a bhfuil an slabhra luacha bunaithe, is ea físchluiche; de bhrí go bhfuil tionchar ag an tsaincheist maidir le húinéireacht agus rialú maoine intleachtúla ar chastacht struchtúr dlíthiúil an éiceachórais, agus go gcruthaítear dúshláin nua dhlíthiúla do shruthaithe, d'fhorbróirí, d'fhoilsitheoirí agus do shealbhóirí inneachair tríú páirtí;

I. de bhrí gur fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) den chuid is mó atá i dtionscal físchluichí na hEorpa, a bhfuil ríthábhacht leo do gheilleagar na hEorpa, go háirithe CCI;

J. de bhrí go bhfuil tionchar láidir ag an taighde agus an nuálaíocht theicneolaíocht agus chruthaitheach ar éiceachórais na bhfíschluiche agus an ríomhspórt agus nach mór iad a athcheapadh i gcónaí; de bhrí gur cheart freisin aitheantas chomh mór céanna a thabhairt do luach nuálach na hearnála agus a thugtar dá breisluach cultúrtha;

K. de bhrí nach bhfuil na sonraí, na sainmhínithe agus na creataí dlíthiúla comhchuibhithe atá ag teastáil fós ag na héiceachórais sin chun go mbeidh ar a gcumas leas iomlán a bhaint as a lánacmhainneacht;

L. de bhrí gur éiceachóras príobháideach é éiceachóras na bhfíschluichí den chuid is mó, ach go mbaineann sé tairbhe as bearta agus dreasachtaí ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais; de bhrí go ndéantar an tacaíocht sin a spriocdhíriú go díreach uaireanta, amhail clár Eoraip na Cruthaitheachta, nó mar chuid den tacaíocht fhoriomlán don taighde agus don nuálaíocht trí Fís Eorpach; de bhrí gur minic a dhéantar beartais phoiblí atá i bhfabhar físchluichí a ionchorprú sa réimse closamhairc;

M. de bhrí go bhfuil físchluichí agus ríomhspóirt fothaithe thar aon ní eile ar mhargadh atá thar a bheith idirnáisiúnaithe gan ann ach beagán bacainní ar chúrsaíocht earraí agus seirbhísí; de bhrí go bhfuil rochtain ar na crua-earraí agus na bogearraí is déanaí ríthábhachtach do nádúr dinimiciúil agus d'iomaíochas na n-éiceachóras físchluichí agus ríomhspórt Eorpach;

N. de bhrí gur gníomhaí tábhachtach é AE in éiceachóras na bhfíschluichí, cé go bhfuil an tionscal faoi cheannas gníomhaithe nach bhfuil san Aontas den chuid is mó; de bhrí go bhfuil go leor gníomhaithe éagsúla sa mhargadh ar fud an tslabhra luacha, a oibrítear den chuid is mó trí ardáin neamh-AE a ghníomhaíonn freisin mar idirghabhálaithe i ndáileadh cluichí Eorpacha ar fud an domhain;

O. de bhrí go n-úsáideann físchluichí agus ríomhspóirt ardteicneolaíochtaí amhail an intleacht shaorga agus an réaltacht fhíorúil, agus go bhfuil tús curtha acu le spásanna fíorúla malartacha a chruthú amhail meiteachruinní;

[19] Ibid.

P. de bhrí gurb ionann ríomhspóirt agus comórtais ina mbíonn daoine aonair nó foirne ag imirt físchluichí - os comhair lucht féachana de ghnáth - go pearsanta nó ar líne, le haghaidh siamsaíochta, duaiseanna nó airgid; de bhrí go gcuimsíonn an sainmhíniú gné dhaonna (na himreoirí), gné dhigiteach (na cluichí iad féin) agus gné iomaíoch; de bhrí go bhféadfaí ríomhspóirt a mheas ní hamháin mar chuid d'earnáil na bhfíschluichí, ach freisin mar chuid d'earnálacha an chultúir agus na meán;

Q. de bhrí gur feiniméan á an ríomhspóirt a tháinig chun cinn le deanaí ag a bhfuil acmhainneacht shuntasach i leith earnálacha eile a fhorbairt agus a athrú ó bhonn ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta, agus go bhfuil forbairt éagsúil á déanamh aige ar fud na mBallstát;

R. de bhrí nach ionann ríomhspóirt agus spóirt thraidisiúnta ós rud é go bhfuil na ríomhspóirt i bhfoirm dhigiteach; de bhrí gur feiniméan é ríomhspóirt atá á thiomáint go bunúsach ag eintitis phríobháideacha, agus gur le foilsitheoir an chluiche na cearta maoine intleachtúla agus gur le foilsitheoir an chluiche na cearta iomaíochta, nó sin, go ndéantar socrú ina leith ar bhonn conradh ar chonradh;

S. de bhrí gur gníomhaíocht shiamsaíochta atá i ríomhspóirt a bhfuil an t-éileamh atá air ag dul i méid go leanúnach, ina bhfuil idir líon mór d'imreoirí físchluiche agus líon beag d'imreoirí agus foirne gairmiúla ina bhuntréith aige; de bhrí go dtosaíonn ríomhspóirt ar leibhéal amaitéarach, ach gur féidir le foirne agus imreoirí é a chleachtadh ar leibhéal leathghairmiúil nó gairmiúil freisin;

T. de bhrí go bhfuil deiseanna iontacha ann físchluichí agus ríomhspóirt a úsáid i mbeartais oideachais an Aontais agus i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil; de bhrí gur minic a spreagann úsáid físchluichí sa seomra ranga daltaí chun gairmeacha san eolaíocht, sa teicneolaíocht, san innealtóireacht, sna healaíona agus sa mhatamaitic (STEAM) a shaothrú agus gur féidir cabhrú le ríomhspóirt roinnt scileanna a fhorbairt atá bunriachtanach i sochaí dhigiteach; de bhrí go bhfuil físchluichí agus ríomhspóirt inrochtana go forleathan agus gur féidir iad a úsáid chun cuimsitheacht agus éagsúlacht a mhéadú i dtimpeallachtaí foghlama amhail sa seomra ranga agus ar feadh an tsaoil;

U. de bhrí go bhfuil sé de chumas ag físchluichí timpeallacht na scoile a thabhairt níos gaire do réaltacht laethúil na ndaltaí, ina n-áirítear go dearscnaitheach físchluichí go minic; de bhrí go bhfuil tásca ann gur thug múinteoirí bunscoile a bhain úsáid as físchluichí sa seomra ranga faoi deara i roinnt cásanna, gur tháinig feabhas suntasach ar roinnt príomhscileanna, amhail réiteach fadhbanna agus scileanna anailíseacha, sóisialta agus intleachtúla, comhordú spásúlachta, agus obair foirne, chomh maith le feabhas ar na leibhéil ó thaobh aird a dhíriú de; de bhrí gur féidir ríomhspóirt a ionchorprú san oideachas agus rannchuidiú le sealbhú inniúlachtaí agus scileanna digiteacha;

V. de bhrí gur daoine óga iad go leor imreoirí físchluichí atá i lár a bhforbairt intleachtúil, mheabhrach, shóisialta agus fhisiciúil; de bhrí go bhfuil na dúshláin a bhaineann le paindéim COVID-19, amhail meath ar leibhéal na gníomhaíochta coirp, méadú ar an imní nó ar chineálacha eile drochshláinte meabhrach, ag dul i gcion ar na daoine óga sin; de bhrí, mar sin féin, gur féidir le físchluichí agus ríomhspóirt tairbhí suntasacha meabhairshláinte a sholáthar do go leor imreoirí agus go bhfuil sé d'acmhainn acu luachanna dearfacha a scaipeadh, ar luachanna iad ba cheart a shaothrú don lucht féachana atá níos óige go háirithe;

W. de bhrí go gcuireann earnáil na bhfíschluichí deiseanna fostaíochta ar fáil do go leor cruthaitheoirí cultúrtha; de bhrí, mar atá amhlaidh i gcás go leor earnálacha cruthaitheacha, go bhfuil oibrithe in earnáil na bhfíschluichí faoi réir ráta oibre atá thar a bheith ard le linn na tréimhse sula n-eisítear cluiche, ar a dtugtar 'uair na cinniúna' freisin, lena n-áirítear ragobair ar minic leis a bheith neamhíoctha; de bhrí gur féidir leis na coinníollacha sin dochar a dhéanamh d'oibrithe;

X. de bhrí go mbaineann dúshláin freisin le ríomhspóirt agus físchluichí do shochaí na hEorpa sa réimse digiteach; de bhrí go n-áirítear ar chuid de na dúshláin sin caimiléireacht, drochthionchair ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, gnéithe ar líne ar féidir mí-úsáid a bhaint astu le haghaidh foréigean nó ciapadh ar líne, go háirithe i leith imreoirí baineanna, agus bréagaisnéis;

Y. de bhrí go bhfuil sé coitianta i roinnt físchluichí luach airgid a chur ar fhíschluichí trí mhicri-idirbhearta, in airgeadraí cluichí agus i mboscaí éadála ina bhfuil inneachar randamach sa chluiche; de bhrí gur féidir íoc as boscaí éadála le fíor-airgead uaireanta; de bhrí go bhféadfadh iarmhairtí airgeadais díobhálacha a bheith ag dearadh ionsaitheach ar ghníomhaithe, go háirithe mionaoisigh nó iad siúd is leochailí, trí chaiteachas gan iarraidh nó neamhrialaithe; de bhrí, i gcásanna áirithe, gur féidir a mheas gur sásra 'íoc chun buachan' iad boscaí éadála; de bhrí go bhfuil gá le cur chuige aonfhoirmeach AE chun cosaint láidir tomhaltóirí a áirithiú;

***Físchluichí agus ríomhspóirt: dúshláin, deiseanna agus straitéis Eorpach***

1. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar an gComhairle aitheantas a thabhairt do luach an éiceachórais físchluichí mar phríomhCCI ag a bhfuil acmhainneacht láidir le haghaidh tuilleadh fáis agus nuálaíochta; á iarraidh go ndéanfaí straitéis chomhleanúnach fhadtéarmach Eorpach a fhorbairt, straitéis ar cheart go rachadh sí chun tairbhe na ngníomhaithe uile lena mbaineann go cothrom agus go leormhaith, agus ríomhspóirt agus an spleáchas reatha ar allmhairí á gcur san áireamh léi agus ag tógáil ar na straitéisí náisiúnta atá cheana ann chun tacú le gníomhaithe AE agus le gnólachtaí nuathionscanta AE sna hearnálacha sin;

2. á chur i bhfios go láidir, maidir lena chuid oibre ar an straitéis nua físchluichí, gur cheart don Choimisiún tógáil ar spriocanna a theachtaireachta maidir le Compás Digiteach 2030 chun rochtain ar thallann agus ar mhaoiniú a fheabhsú, chun aghaidh a thabhairt ar an nganntanas scileanna digiteacha, agus chun bonneagar agus nascacht iontaofa a sholáthar, chomh maith lena áirithiú go mbeidh na geallsealbhóirí ábhartha rannpháirteach sa phróiseas; á chur i bhfios gur cheart na dúshláin a bheidh ann amach anseo agus na hathruithe meara san earnáil a chur san áireamh sa straitéis;

3. á mheas go mbeidh gá le líon léiriúcháin na bhfíschluichí agus líon na gcomhléiriúchán a bhfuil gníomhaithe Eorpacha páirteach iontu a mhéadú chun earnáil físchluichí Eorpach atá fíor-chomhtháite a chruthú; á chur in iúl gur geal léi go gcuireann cláir Eoraip na Cruthaitheachta agus Fís Eorpach cistiú ar fáil d'earnáil na bhfíschluichí Eorpacha, lena n-áirítear taighde agus nuálaíocht, trí ghlaonna sonracha ar thairiscintí a bhfuil breisluach Eorpach ag baint leo; á chur in iúl gurb oth léi, áfach, an méid íseal cistiúcháin a gealladh go dtí seo, agus nach bhfuil na critéir incháilitheachta oiriúnach i gcónaí do riachtanais na hearnála, go háirithe FBManna; á iarraidh, ina leith sin, go méadófaí tacaíocht agus infheistíocht sa taighde agus san fhorbairt (T &D) agus san

oiliúint chun deiseanna cruthaithe cluiche a uasmhéadú ar fud na mBallstát uile agus forbairt thallann na hEorpa a spreagadh agus a choimeád; á iarraidh ar an gCoimisiún tacú le tionscnaimh phoiblí agus phríobháideacha a rannchuidíonn le tírdhreach físchluichí Eorpach níos iomaíche a fhorbairt;

4. á chur i bhfios go láidir gur cheart dreasachtaí náisiúnta agus tacaíocht don fhorbairt áitiúil ar fhíschluichí, lena n-áirítear FBManna, a spreagadh agus a éascú trí rialacha AE maidir le Státchabhair amhail Rialachán Ginearálta na Blocdhíolúine;

5. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé trádáil idirnáisiúnta agus margú físchluichí a chruthaítear san Eoraip a chur chun cinn agus tacú leo; á iarraidh ar an gCoimisiún, sa chomhthéacs sin, tionscal na bhfíschluichí Eorpacha a mhapáil agus a shainiú, agus féachaint le lipéid 'Físchluiche Eorpach' a chruthú, mar aon le dreasachtaí eile ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach a chothú chun feabhas a chur ar inaimsitheacht físchluichí agus chun spreagadh agus aitheantas a thabhairt d'fhíschluichí a chruthaítear san Eoraip, lena n-áirítear ar bhonn domhanda;

6. á chur i bhfáth a thábhachtaí atá an próiseas logánaithe chun cluiche a chur i gcúrsaíocht go rathúil i margadh ilteangach amhail an tAontas Eorpach, agus chun éagsúlacht teanga a chur chun cinn; á mheas go mbeadh tacaíocht láidir ón Aontas Eorpach ina leith sin iomchuí;

7. á chur i bhfáth go bhfuil sonraí tionsclaíocha atá comhchuibhithe agus iontaofa maidir le hearnálacha físchluichí agus ríomhspóirt na hEorpa ríthábhachtach chun measúnuithe agus moltaí atá bunaithe ar fhianaise a sholáthar, lena n-áirítear maidir le héagsúlacht agus cuimsiú; á iarraidh ar an gCoimisiún, Faireachlann Eorpach um Fhíschluichí a chruthú chun sonraí comhchuibhithe, measúnuithe agus moltaí nithiúla a chur ar fáil do chinnteoirí agus do gheallsealbhóirí agus tacú leo d'fhonn an earnáil a fhorbairt; á mheas go bhféadfaí an Fhaireachlann Eorpach um Fhíschluichí sin a úsáid freisin mar líonra eolais chun tacú le hidirphlé ar mhaithe le hearnáil níos comhtháite a bheith ann;

8. á iarraidh ar an gCoimisiún athbhreithniú ar na cóid ábhartha san Aicmiú Staidrimh Gníomhaíochtaí Eacnamaíocha sa Chomhphobal Eorpach (NACE) a mholadh, chun a áirithiú go ndéanfar forbróirí físchluichí, foilsitheoirí agus ríomhspóirt a athbhreithniú, a shoiléiriú agus a chuíchóiriú agus aghaidh a thabhairt, dá bhrí sin, ar na dúshláin atá os comhair na hearnála agus feabhas a chur ar neamhdhóthanacht an aicmithe staidrimh reatha;

9. á chur i bhfios go láidir go bhfuil maoin intleachtúil lárnach i bhfíschluichí agus gur príomhghné í san fhás agus san infheistíocht; á thabhairt chun suntais gur gá straitéis Eorpach a fhorbairt le haghaidh maoin intleachtúil i dtaca le físchluichí, lena mbainfí leas as an maoin intleachtúil nua agus bhunaidh a chruthófaí agus as an gcur chun cinn a dhéanfaí ar chruthúcháin agus ar mhaoin intleachtúil Eorpach atá cheana ann; á chur i bhfáth nach mór forfheidhmiú trasteorann ar na cearta maoine intleachtúla atá ag forbróirí agus ealaíontóirí físchluichí a chosaint go leormhaith agus nach mór luach saothair cóir a áirithiú;

10. á chur in iúl gur geal léi seasamh na Comhairle maidir le straitéis Eorpach don éiceachóras tionsclaíoch cruthaitheach agus cultúrtha, go háirithe maidir lenár sócmhainní straitéiseacha cultúrtha a shainiú, a chosaint agus a chur chun cinn; a dhearbhú go bhfuil sí ullamh dul ar aghaidh ar an ábhar sin, go háirithe maidir le

stiúideonna agus catalóga Eorpacha um fhíschluichí; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim gur cheart tuilleadh infheistíochta Eorpaí a dhíriú ar an earnáil agus go bhféadfadh InvestEU agus Media Invest cabhrú lena áirithiú go bhfuiltear ag freastal ar a riachtanais mhaoinithe;

11. á chur in iúl gur geal léi an treoirthionscadal a thionscain Parlaimint na hEorpa dar teideal 'Tuiscint ar an luach a bhaineann le Sochaí Eorpach Físchluichí', arb é is aidhm dó tuiscint níos fearr a fhorbairt ar an luach atá ar earnáil na bhfíschluichí agus ar a tionchar ar réimse réimsí beartais agus ar an tsochaí ina hiomláine; á iarraidh ar an gCoimisiún leanúint den phróiseas sin trí thaighde idirdhisciplíneach ar fhíschluichí agus ar ríomhspóirt a chothú, teachtaireacht a fhoilsiú atá tiomnaithe don tsaincheist sin agus, más gá, bearta iomchuí a mholadh, agus aird á tabhairt ar an ngá atá le himreoirí óga a chosaint, go háirithe mionaoisigh;

12. á aithint gur gá ríomhspóirt a chosaint ar fhadhbanna a bhaineann le cúbláil cluichí, cearrbhachas neamhdhleathach agus feabhsú feidhmíochta, lena n-áirítear dópáil; á chur i bhfios go láidir gur gá dópáil agus cúbláil cluichí sa chearrbhachas gairmiúil a chosc agus oiliúint a chur ar imreoirí faoi na saincheisteanna sin, chomh maith le sláine na gcomórtas a chosaint;

13. á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint ar shineirgí idir earnáil na bhfíschluichí agus a straitéis nuálaíochta, go háirithe i gcomhthéacs taighde ar an meiteachruinne, agus áird á tabhairt ar chosaint príobháideachais sonraí agus ar dhúshláin chibearshlándála, gan dearmad a dhéanamh ar fheiniméan na ríomhspórt;

14. á thabhairt chun suntais, de bharr a luchta féachana leathain agus a ngné digití, go bhfuil acmhainneacht shóisialta agus chultúrtha shuntasach ag físchluichíocht agus ag ríomhspóirt chun Eorpaigh, gan beann ar aois, inscne ná cúlra, lena n-áirítear daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumais, a nascadh le chéile; ag aithint na n-iarrachtaí atá déanta ag earnáil na bhfíschluichí inrochtaineacht a dtáirgí a fheabhsú i gcomhréir le prionsabail an chomhionannais agus an neamh-idirdhealaithe; á mheas, áfach, nach mór leanúint den dul chun cinn sin;

15. á thabhairt chun suntais go bhfuil buntáistí i gceist le cluichí trasardáin ar líne d'eispéireas an úsáideora trí chur ar chumas imreoirí idirghníomhú go héasca ar fud ardáin éagsúla agus d'fhorbróirí cluichí araon, agus á iarraidh ar thionscal na bhfíschluichí gach iarracht a dhéanamh an úsáid is iomláine is féidir a bhaint as an ngné sin;

16. á chur i bhfios go bhfuil acmhainneacht mhór ag físchluichí agus ag ríomhspóirt stair, féiniúlacht, oidhreacht, luachanna agus éagsúlacht na hEorpa a chur chun cinn tuilleadh trí eispéiris thumthacha; á chreidiúint go bhfuil sé d'acmhainn acu freisin rannchuidiú le cumhacht bhog AE;

17. á iarraidh ar an gCoimisiún tionscnaimh a sheoladh chun físchluichí Eorpacha a chur chun cinn lena léirítear luachanna, stair agus éagsúlacht na hEorpa, ach chomh maith leis sin fios gnó an tionscail, agus ag an am céanna oideachas á chur ar dhaoine agus feasacht á múscailt faoi na buntáistí a bhaineann le físchluichí chun scileanna agus eolas ginearálta a fhorbairt; á chreidiúint go bhféadfaí Acadamh Eorpach um Fhís-Chluichí chruthú mar thoradh ar na tionscnaimh sin;

18. á chur i bhfáth gur dlúthchuid d'oidhreacht chultúrtha na hEorpa iad físchluichí agus gur cheart, dá bhrí sin, iad a chaomhnú agus a chur chun cinn; á mholadh go soláthrófaí tacaíocht, i gcomhar leis an tionscal, chun cartlann a chruthú chun na físchluichí Eorpacha is suntasaí ó thaobh an chultúir de a chaomhnú agus chun a n-inimritheacht a áirithiú sa todhchaí; á thabhairt chun suntais gur gá, ina leith sin, leas a bhaint as tionscadail atá ann cheana amhail Bailiúchán Idirnáisiúnta na gCluichí Ríomhaireachta (ICS) agus an iliomad músaem físchluichí ar fud an Aontais;

19. á áitiú gur féidir le físchluichí agus ríomhspóirt a bheith ina n-uirlis luachmhar teagaisc chun páirt ghníomhach a thabhairt d'fhoghlaimeoirí i gcuraclam agus chun litearthacht dhigiteach, scileanna boga agus smaointeoireacht chruthaitheach a fhorbairt; á chreidiúint gur cheart físchluichí a úsáid i scoileanna i gcomhthráth le feasacht na múinteoirí a ardú maidir leis an gcaoi is fearr le físchluichí a úsáid ina dteagasc; á chur i bhfáth gur cheart do mhúinteoirí a bheith rannpháirteach go dlúth sa chinnteoireacht maidir le físchluichí a úsáid chun críoch oideachais; á chur i bhfios go láidir go mbeidh gá le trealamh agus nascacht níos fearr i scoileanna;

20. á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá an fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus á chur i bhfáth nach mór oiliúint leormhaith a chur ar mhúinteoirí chun TFC agus scileanna ríomhaireachta a mhúineadh; á thabhairt chun suntais go bhfuil uas-sciliú múinteoirí le linn uaireanta oibre bunriachtanach chun comhtháthú rathúil TFC agus cluichí san oideachas a áirithiú;

21. á mheabhrú a thábhachtaí atá cúrsaí oiliúna Eorpacha atá tiomnaithe do ghairmeacha na bhfíschluichí lena n-áirítear na gnéithe cruthaitheacha, teicniúla, dlíthiúla agus eacnamaíocha a bhaineann leo; á chur i bhfáth gur gá príomhchláir oideachais a fhorbairt san Eoraip, lena n-áirítear in institiúidí poiblí agus ollscoileanna, agus an bearna idir na curaclaim Eorpacha atá ann cheana agus an tacar eolais agus scileanna is gá do ghairmeacha físchluichí a dhúnadh, agus beartas réamhghníomhach a shaothrú chun comhionannas inscne agus cuimsitheacht a chothú san earnáil;

22. á chur in iúl gur díol sásaimh di an obair atá déanta ag eagraíochtaí amhail Faisnéis Phan-Eorpach faoi Chluichí (PEGI) chun imreoirí físchluichí agus tuismitheoirí a chur ar an eolas faoi inneachar físchluichí agus chun mionaoisigh a chosaint ar inneachar a d'fhéadfadh a bheith míchuí; ag spreagadh an tionscail, na ngníomhaireachtaí rátála agus na gcomhlachas tomhaltóirí leanúint d'fheachtais múscailte feasachta maidir leis na córais sin; á mheabhrú go bhfuil ról na dtuismitheoirí ríthábhachtach chun a áirithiú go n-imríonn leanaí físchluichí go sábháilte, le huirlisí atá ar fáil dóibh amhail gnéithe rialaithe tuismitheoirí; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag feachtais múscailte feasachta, go háirithe trí chomhpháirtíochtaí poiblí-príobháideacha, chun oideachas agus eolas a chur ar fáil do thuismitheoirí agus do scoileanna, lena n-áirítear maidir le conas físchluichí a úsáid go hiomchuí;

23. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit a aithint gur tionscal tábhachtach í earnáil na bhfíschluichí chun tallann chruthaitheach nua a fhionnadh agus a fhorbairt, chomh maith le rannchuidiú le huas-sciliú agus athsciliú gach cruthaitheora cultúir agus gairmithe eile, go háirithe i gcomhthéacs an aistrithe dhigitigh, ós rud é go bhfuil tionscal cluiche na hEorpa ag streachailt faoi láthair le ganntanas seasta tallainne;

24. á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit oibriú leis na comhpháirtithe sóisialta chun dálaí oibre gach duine a bhfuil baint acu le físchluichí a fheabhsú agus chun conarthaí cothroma agus comhlíonadh reachtaíochta náisiúnta agus reachtaíocht AE maidir le cearta oibrithe, pá cothrom agus comhionann agus sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus sábháilteacht ag an obair a áirithiú; á chur in iúl gur saoth léi na tuairiscí arís agus arís eile ar uaireanta oibre 'cinniúna' agus ragobair gan phá agus á chur i bhfáth go bhfuil freagracht ar fhorbróirí agus foilsitheoirí físchluichí dálaí oibre sláintiúla agus cothroma a áirithiú dá n-oibrithe;

25. á mheas, in ainneoin na n-iarrachtaí atá déanta maidir le hionadaíocht chruinn, chomhionann agus neamh-steiréitipiciúil na mban i bhfíschluichí, nach mór leanúint den dul chun cinn agus a bheith fite fuaite le comhionannas níos fearr a bhaint amach do mhná i ngach post sa slabhra luacha, chomh maith le dul chun cinn maidir leis an gcomhrac i gcoinne mí-úsáid ghnéasach agus idirdhealú gnéasach;

26. á chur in iúl gur díol sásaimh di treoirlínte an Choimisiúin maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí; á thabhairt chun suntais go bhfuil gá le trédhearcacht níos fearr maidir le boscaí éadála, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann leis an seans go mbuafaidh siad, agus cur chuige comhchuibhithe Eorpach; á chur i bhfáth, i gcás ina n-úsáidtear boscaí éadála, nach mór iad a bheith go hiomlán soiléir agus trédhearcach do gach imreoir, go háirithe mionaoisigh agus a dtuismitheoirí, chun iompar contúirteach a chosc; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit breithniú a dhéanamh ar bhearta reachtacha, i gcás inarb iomchuí, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna a bhaineann le cur airgid sa chluiche, amhail gnéithe ádhbhunaithe agus córais 'íoc le buachan', agus gach modh is féidir á chur san áireamh chun na imreoirí is leochailí ó thaobh dearaí ionsaitheacha a chosaint, amhail mionaoisigh;

27. á chur i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach reachtaíocht uile an Aontais a bhaineann le TCCanna a chur chun feidhme go tráthúil agus go hiomlán;

***Ríomhspóirt: Físchluichíocht chothrom iomaíoch laistigh de chreat Eorpach***

28. á mheas gur earnálacha éagsúla iad na ríomhspóirt agus an spórt, go háirithe toisc go n-imrítear na físchluichí a úsáidtear don chluichíocht iomaíoch nó don spórt i dtimpeallacht dhigiteach agus go mbaineann siad le heintitis phríobháideacha a bhfuil smacht iomlán dlíthiúil acu agus na cearta eisiacha agus neamhshrianta uile ar na físchluichí iad féin; á chreidiúint, áfach, gur féidir leis an dá earnáil comhlíonadh a chéile agus foghlaim óna chéile agus luachanna agus scileanna dearfacha comhchosúla a chur chun cinn, amhail cothrom iomaíochta, neamh-idirdhealú, obair foirne, ceannaireacht, dlúthpháirtíocht, sláine, frithchiníochas, cuimsiú sóisialta agus comhionannas inscne;

29. ag creidiúint gurb é an tAontas Eorpach, mar gheall nach bhfuil teorainneacha ag an disciplín seo, ar an leibhéal iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na ríomhspórt; ag moladh go dtabharfaí isteach mapáil Eorpach ar ghníomhaithe ríomhspórt ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal réigiúnach agus ar an leibhéal náisiúnta, lena gcuirtear ar chumas mhuintir na hEorpa dul i dteagmháil le struchtúir atá gar dóibh, chomh maith le heagrú comórtas a éascú agus na ríomhspóirt amaitéaracha a spreagadh; á chur i bhfáth go bhféadfadh mapáil cabhrú le feasacht a mhúscailt maidir le ríomhspóirt agus iad a chur chun cinn;

30. á iarraidh ar an gCoimisiún cairt a fhorbairt chun luachanna Eorpacha a chur chun cinn i gcomórtais ríomhspórt, i gcomhpháirtíocht le foilsitheoirí, le heagraíochtaí foirne, le clubanna agus le heagraithe comórtas; á chur in iúl gur díol sásaimh di an úsáid a bhaintear, sa chomhthéacs sin, as uirlisí amhail treoirphrionsabail tionscail maidir le rannpháirtíocht ríomhspóirt agus cóid iompair náisiúnta don ríomhspórt chun ríomhspóirt atá spraíúil, cothrom agus taitneamh a bhaint as gníomhaithe agus eagraithe ar fud an domhain a chur chun cinn i dtimpeallacht oscailte agus chuimsitheach;

31. á iarraidh ar an gCoimisiún staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht treoirlínte comhleanúnacha agus cuimsitheacha a chruthú maidir le stádas imreoirí gairmiúla ríomhspórt;

32. á iarraidh ar na Ballstáit agus ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar víosa a chruthú do phearsanra ríomhspórt bunaithe ar víosaí cultúrtha agus spóirt Schengen, a bheidh infheidhme maidir leis an bpearsanra uile a bhfuil baint acu le comórtais ríomhspóirt a reáchtáil agus páirt a ghlacadh iontu, agus machnamh a dhéanamh ar bhearta chun nósanna imeachta víosaí a éascú chun gur féidir le hoibrithe físchluichí teacht chuig AE;

33. ag tabhairt rabhaidh go bhféadfadh andúil agus iompar tocsaineach a bheith mar thoradh ar dhian-fhíschluichíocht, i gcásanna neamhchoitianta, mar a aithníonn an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte; á chur i bhfáth gur féidir le himreoirí ríomhspórt a bheith thíos le heaspa aclaíochta agus le leibhéil arda struis mar gheall ar an easpa deighilte oibre is saoil agus gur minic a bhíonn gairmeacha na n-imreoirí r-spóirt gairmiúla gearr, rud a chruthaíonn saincheisteanna maidir le haistriú chuig gairm bheatha eile; ag creidiúint gur cheart do AE cur chuige freagrach a ghlacadh i leith físchluichí agus ríomhspórt trína gcur chun cinn mar chuid de stíl mhaireachtála shláintiúil lena n-áirítear gníomhaíocht choirp, idirghníomhaíocht shóisialta i bpearsa agus rannpháirtíocht chultúrtha;

34. ag aithint acmhainneacht físchluichí spóirt agus spóirt fhíorúla chun cineálacha nua rannpháirtíochta lucht leanúna a fhiosrú agus rannpháirtíocht na hóige i ngníomhaíochtaí fisiciúla a mhéadú; á mholadh go ndéanfaí comhpháirtíochtaí a chruthú idir na geallsealbhóirí ábhartha uile sna físchluichí agus in earnálacha an spóirt chun tionscadail nua a chruthú lena dtabharfar breisluach d’imreoirí agus do lucht féachana;

35. á chur i bhfios go láidir go bhfuil dhá ról ag físchluichí agus ag ríomhspóirt san aistriú glas, mar thionscal nach mór oibriú chun bheith níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol, agus chomh maith leis sin mar mheán chun feasacht ar shaincheisteanna aeráide agus comhshaoil a mhúscailt i measc imreoirí físchluichí; á chur in iúl gur díol sásaimh di na tionscnaimh a rinne tionscal na bhfíschluichí chun an comhshaol a chosaint agus éifeachtúlacht fuinnimh na bhfeistí a úsáidtear agus na seirbhísí a sholáthraítear a fheabhsú; á iarraidh, sa chomhthéacs sin, go ndéanfaí iarrachtaí níos mó chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus chun tionchar na seirbhísí ríomhspórt ar an gcomhshaol a laghdú;

36. á thabhairt chun suntais gur féidir le físchluichí a bheith ina ngníomhaíocht shóisialta lena gceadaítear d’úsáideoirí am a shóisialú agus a chaitheamh le chéile; á chur i bhfios

go láidir go bhfuil an stiogma a bhaineann le ríomhspóirt agus físchluichí fós forleathan ar fud na sochaí agus gur cheart aghaidh a thabhairt air;

37. á thabhairt chun suntais gur féidir ról tábhachtach a bheith ag cathracha agus réigiúin maidir le rochtain a sholáthar ar bhonneagar atá in ann imeachtaí ríomhspórt a óstáil nó rochtain ar fhíschluichí a éascú do chách; á chur i bhfios go láidir, ina leith sin, gur féidir ról tábhachtach a bheith ag spásanna poiblí amhail leabharlanna maidir le cultúr físchluichí a chur chun cinn agus rochtain ar fhíschluichí agus físghléasanna a sholáthar do chách, gan beann ar imthosca socheacnamaíocha, i gcomhréir le dlí cóipchirt AE; á iarraidh ar an gCoimisiún agus ar na Ballstáit, dá bhrí sin, maoiniú leordhóthanach a áirithiú do spásanna poiblí amhail leabharlanna chun tacú leis an ról sin;

°

° °

38. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle agus chuig an gCoimisiún.

# RÁITEAS MÍNIÚCHÁIN

Is éiceachóras mór don Aontas Eorpach é an fhíschluichíocht, i dtéarmaí eacnamaíocha agus cultúrtha araon.

Is tionscal cultúrtha agus cruthaitheach í ar fiú EUR 23.3 billiún é, a bhfuil fás struchtúrach tagtha air agus a bhfuil an-acmhainneacht ag baint leis fós maidir leis an aistriú digiteach ar ghlac an tAontas Eorpach léi. Cé go bhfuil an margadh thar a bheith idirnáisiúnta agus go bhfuil físchluichí ag lorg lucht féachana domhanda, tá an Eoraip ar cheann de na margaí is mó ar domhan le haghaidh físchluichí, chomh maith le bheith ina himreoir lárnach i ngach céim dá bhforbairt, ó scríobh go dáileadh. Tá níos mó ná 80 000 duine ag obair san earnáil san Aontas Eorpach agus tá thart ar 5 000 stiúideo forbraíochta de gach méid, cuid acu ina gceannairí domhanda, amhail Ubisoft, CD Projekt agus Paradox.

Dar leis an Rapóirtéir, is tionscal iad físchluichí ar féidir le AE a iomaíochas a chur chun cinn, agus is príomhréimse é chun féiniúlacht Eorpach agus luachanna Eorpacha a chur chun cinn, go háirithe i mBliain Eorpach na hÓige (dearbhaíonn níos mó ná dhá thrian de dhaoine idir 6-24 bliain d’aois go n-imríonn siad físchluichí).

**Tionscal mór le rá ó thaobh na heacnamaíochta, na cruthaitheachta agus na teicneolaíochta de**

Is é an struchtúr atá ag an tionscal físchluiche go iliomad imreoirí páirteach i gcruthú cluiche: cruthú ealaíonta, forbairt, scríobh, dearadh cluiche, tástáil, foilsiú, cumarsáid, logánú, dáileadh, etc. Tá sé deacair uaireanta ag an tionscal eolas a bheith aige ar a chomhdhéanamh agus ar a phoitéinseal mar gheall ar ainmníochtaí doiléire (iliomadúlacht gairmeacha agus scileanna, stádas éagsúil sna Ballstáit, etc.). Dá bhrí sin, molann an Rapóirtéir níos mó sonraí a bhailiú maidir leis an gcaoi a n-oibríonn an earnáil agus maidir leis na mórthreochtaí a eascraíonn aisti, agus Faireachlann Eorpach um Fhís-Chluichí a chruthú, de réir mhúnla na Faireachlainne Eorpaí Closamhairc.

Tacaíonn AE le físchluichí a chruthú trína chlár Eoraip na Cruthaitheachta, ach ní féidir leis an méid beag a leithdháiltear (mar shampla EUR 6 milliún in 2022) ná na dianchritéir incháilitheachta a bheith ina bhfíorphlean tacaíochta do chomhléiriúcháin ná do chruthú físchluichí Eorpacha. Thairis sin, tá an slabhra luacha bunaithe go dlúth ar fhorbairt an chluiche mar chuspóir maoine intleachtúla. Ar an tríú dul síos, toisc go bhfuil an earnáil tógtha ar nuálaíocht, is féidir le cluichí a bheith as dáta go tapa agus is gá stiúideonna a chur in oiriúint do na caighdeáin teicneolaíochta is déanaí, nó don ghlúin is déanaí d’fheistí a thagann amach gach 5 go 10 bliain. Dá bhrí sin, tá agus beidh, i gcónaí maoiniú agus infheistíocht ag teastáil ó thionscal na bhfíschluichí, ar cheart don Aontas cabhrú lena chur ar fáil.

Ar deireadh, tá sé ríthábhachtach d’iomaíochas thionscal na hEorpa líon na gclár oideachais ar ardchaighdeán as a dtagann gairmeacha físchluichí, a bhíonn nasctha go minic leis an aistriú digiteach, a mhéadú. Dá bhrí sin, is acmhainn thábhachtach d’fhuinneamh digiteach na hEorpa é go bhfuil na cláir sin ann agus a gcéimithe, mar shampla i gcomhthéacs taighde ar an meiteachruinne, a bhfuil físchluichí ceannródaíoch ina leith. Is é an t-oideachas an chéim idéalach freisin chun dul i ngleic le saincheist an chomhionannais inscne san earnáil, mar cé

go bhfuil sciar na mban atá ag obair i bhfíschluichí ag méadú de réir a chéile, ní mná iad ach thart ar 20 % d'oibrithe físchluichí Eorpacha.

**Acmhainneacht chultúrtha agus shochaíoch gan chríoch**

Ag an am céanna, is ionann físchluichí sa lá atá inniu ann agus meán cultúrtha agus teicneolaíochta a bhfuil tábhacht ar leith ag gabháil leis, agus a bhfuil áit chinntitheach sa tsochaí aige ó bunaíodh an tionscal físchluiche caoga bliain ó shin. Sa lá atá inniu ann, is fíorfhoirm ealaíne iomlán iad, ina dtugtar le chéile teicnící ó réimsí eile amhail cineama, na healaíona grafacha, ceol agus amharclannaíocht, le teicneolaíochtaí atá ag síorathrú, i seirbhís eispéireas cluichíochta. Cad a thosaigh mar chleachtas imeallach do dhornán de lucht an chos istigh, tá sé anois laistigh de scór bliain ina mheán príomhshrutha á chleachtadh ag leath de mhuintir na hEorpa idir 6 agus 64, ar fhóin chliste, ríomhairí pearsanta agus consóil.

Dá bhrí sin, is veicteoir an-láidir é de naisc nach bhfuil aon teorainneacha geografacha aige agus a ligeann d'Eorpaigh a bheith i dteagmháil dhíreach le daoine ó gach glúin agus cúlra, ag spreagadh malartuithe agus fionnachtain. Dá bhrí sin, is réimse iad físchluichí inar féidir leis an Aontas infheistiú iontu, chun na luachanna a leagtar amach sna Conarthaí a chur chun cinn, agus béim á leagan ar an daonlathas, ar an éagsúlacht, ar an bhfrith-idirdhealú, ar an gcaoinfhulaingt agus ar an gcomhionannas inscne. Ina theannta sin, is spás é cumhacht insinte an mheáin inar féidir leis an Aontas Eorpach a stair shaibhir agus a oidhreacht shaibhir a thaispeáint, mar shampla trí athchóiriú 3D a dhéanamh ar shéadchomharthaí stairiúla nó radhairc ó stair na hEorpa.

I ndáil leis sin, creideann an Rapóirtéir gur uirlis úsáideach oideachais iad físchluichí, lena gcuirtear ar chumas foghlaimeoirí de gach aois foghlaim agus spraoi le coincheapa ar bhealach níos idirghníomhaí, le treoir agus tacaíocht an mhúinteora. Chomh maith leis sin, trí fhíschluichí a thabhairt isteach i scoileanna, is féidir le daltaí dul i gceann gairmeacha a bhaineann leis an earnáil freisin: mar shampla, maidir le cailíní a deir go bhfuil siad ag imirt cluichí físeáin, tá seans méadaithe faoi 3 go rachaidh siad le gairmeacha STEAM i gcomparáid le cailíní nach n-imríonn na cluichí sin.

**Esport: Cleachtas a aibíonn go tapa**

This report also seeks to have a thorough look at the practice of competitive video games, also called "esport" (short for "electronic sport").

It is difficult to define precisely the limits of esport, but, in the context of this report, the Rapporteur focuses on the fundamental differences between this practice and that of traditional sports. Esport is distinguished by its central digital component, but also by the fact that all esports are based on intellectual property, the video game belonging to a private business operator. Dá bhrí sin, tá gné bhrabúsach ag baint leis an loighic atá taobh thiar d'eagrú na gcomórtas, rud nach amhlaidh don spórt traidisiúnta, rud atá á rialú ag cónaidhmeanna nach bhfuil aon chuspóir tráchtála acu. Dá bhrí sin, ní féidir an r-spórt a chur i gcomparáid le fíorspórt traidisiúnta, ná ní féidir é a rialú ann féin agus is feiniméan trasghearrthach é.

Mar sin féin, is féidir leis an r-spórt na luachanna agus na scileanna a bhaineann leis an spórt, amhail cothrom na Féinne agus obair foirne, a chur in iúl, arna rialú ag rialacha lena n-urramaítear luachanna na hEorpa agus iomaíocht chothrom. Thairis sin, tá struchtúrú thimpeallacht an r-spórt ag teacht go páirteach le struchtúr na ndisciplíní traidisiúnta: go leor

imreoirí cleachtas fonnmhar a bheith den scoth agus tá súil acu a bheith mar chuid de scothaicme na n-imreoirí gairmiúla, á bhainistiú agus fostaithe ag clubanna. Ba cheart go dtabharfaí faoi deara, mar gheall ar chineál trasteorann na bhfíschluichí, gur eascair foirne fíor-Eorpacha as an r-spórt, foirne ina bhfuil Eorpaigh de náisiúntachtaí uile san iomaíocht le chéile, uaireanta i gcoinne foirne ó limistéir gheografacha eile.

Dá bhrí sin, creideann an Rapóirtéir go bhféadfaí beartas Eorpach a fhorbairt tuilleadh chun ríomhspóirt lena n-urramaítear luachanna na hEorpa a chur chun cinn. Ba cheart, go háirithe, féachaint chuige go spreagfar clubanna, foilsitheoirí agus comórtais a mhapáil, ionas go mbeidh muintir na hEorpa ar mian leo imirt i bhfoirne in ann struchtúir oiriúnacha a chomhlíonadh. Rachadh cruthú timpeallachta atá curtha in oiriúint d'fhoirne a shuiteáil, eagrú na gcomórtas agus a n-iolrú, chun tairbhe an éiceachórais ina iomláine san Eoraip.

**Dúshláin**

Ar deireadh, ba cheart a mheabhrú gur féidir rioscaí bunúsacha a bheith i gceist le físchluichí, bíodh siad iomaíoch nó nach bhfuil, go háirithe do dhaoine óga. Dá bhrí sin, creideann an Rapóirtéir gur cheart físchluichí a bheith mar chuid de stíl mhaireachtála ina bhfuil aclaíocht fhisiceach, gníomhaíochtaí sóisialta agus gníomhaíochtaí scoile nó oibre. I ndáil leis sin, ní mór don rialtóir a áirithiú freisin nach mbaintear an bonn ó na luachanna ar sheas an tAontas Eorpach leo i gcluichí a bhfuil ábhar íogair iontu nach bhfuil faoi mhaoirseacht lucht féachana mí-oiriúnach, nó nach mbaineann iompar na n-imreoirí an bonn ó na luachanna ar sheas an tAontas leo. Cé go mbaineann níos mó agus níos mó rioscaí le hábhar an chluiche ach leis an gcomhthéacs ina n-úsáidtear é, is díol sásaimh don Rapóirtéir sásraí féinrialála an tionscail amhail córas PEGI, ar caighdeán é atá aitheanta ar fud na hEorpa, lena n-áirítear dhá thrian de thuismitheoirí, agus a bhfuil ról ríthábhachtach aige i dteagasc daoine chun físchluichí a imirt ar bhealach sláintiúil.

## FAISNÉIS MAIDIR LE GLACADH SA CHOISTE FREAGRACH

| | |
|---|---|
| **Dáta an ghlactha** | 3.10.2022 |
| **Toradh na vótála críochnaithí** | + : 26<br>- : 0<br>0 : 0 |
| **Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Asim Ademov, Andrea Bocskor, Gianantonio Da Re, Laurence Farreng, Tomasz Frankowski, Romeo Franz, Catherine Griset, Sylvie Guillaume, Hannes Heide, Irena Joveva, Petra Kammerevert, Niyazi Kizilyürek, Predrag Fred Matić, Niklas Nienaß, Peter Pollák, Diana Riba i Giner, Monica Semedo, Andrey Slabakov, Massimiliano Smeriglio, Michaela Šojdrová, Sabine Verheyen, Maria Walsh, Milan Zver |
| **Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach** | Loucas Fourlas, Martina Michels, Salima Yenbou |

## VÓTÁIL CHRÍOCHNAITHEACH LE GLAO ROLLA SA CHOISTE FREAGRACH

| 26 | + |
|---|---|
| ECR | Slabakov Andrey |
| ID | Da Re Gianantonio, Griset Catherine |
| NI | Bocskor Andrea |
| PPE | Ademov Asim, Fourlas Loucas, Frankowski Tomasz, Pollák Peter, Sojdrová Michaela, Verheyen Sabine, Walsh Maria, Zver Milan |
| RENEW | Farreng Laurence, Joveva Irena, Semedo Monica, Yenbou Salima |
| S&D | Guillaume Sylvie, Heide Hannes, Kammerevert Petra, Matic Predrag Fred, Smeriglio Massimiliano |
| THE LEFT | Kizilyürek Niyazi, Michels Martina |
| VERTS/ALE | Franz Romeo, Nienaß Niklas, Riba i Giner Diana |

| 0 | - |
|---|---|

| 0 | 0 |
|---|---|

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh